Eoin Ó Droighneáin
An tAonad Aistriúcháin agus Ateangaireachta, Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.

Co. na Gaillimhe

An mbaineann an freagra seo le tuairim phearsanta an fhreagróra nó an bhfuil sé déanta thar ceann na heagraíochta thuasluaite?

Thar ceann na heagraíochta thuasluaite

An bhfuil tú toilteanach go bhfoilseofar an freagra seo ar shuíomh gréasáin na Roinne www.ahg.gov.ie?

Tá

Cumarsáid faoi alt 9 den Acht (Litreacha, ríomhphoist & cora poist)
Dualgais reatha faoin Acht:

- Cumarsáid a fhreagairt sa teanga ina bhfuarthas í;
- Faisnéis i scríbhinn nó leis an bpost leictreonach a eisiúint i nGaeilge nó go dátheangach.

1. I do thuairimse, an leor na dualgais seo, an bhfuil siad iomarcach nó an dteastaíonn leasú orthu?
Ba chóir na forálacha seo a láidriú ionas gur i nGaeilge amháin a dhéanfaí cumarsáid i scríbhinn nó tríd an ríomhphost le daoine sa Ghaeltacht, ach amháin i gcás go n-iarrfadh an duine den phobal gur i mBéarla a dhéanfaí an chumarsáid. Is é sin, gurbh í an Ghaeilge an teanga réamhshocraithe a bheadh ag gach eagraíocht stáit agus iad ag plé le daoine sa Ghaelracht.

Foilseacháin faoi alt 10 den Acht
Dualgais reatha faoin Acht:

- Doiciméid áirithe a fhoilsiú go comhuaineach i nGaeilge agus i mBéarla (m.sh. tuarascálacha bliantúla, cuntais iniúchta, tograí beartais phoiblí, ráitis straitéise srl.

2. I do thuairimse, an leor na dualgais seo, an bhfuil siad iomarcach nó an dteastaíonn leasú orthu?
Ba chóir cloí leis na dualgais reatha i gcás tuarascálacha bliantúla, cuntais iniúchta, tograí beartais phoiblí, ráitis straitéise. Tá sé an-tábhachtach go mbeadh cáipéisí den chneál sin á n-eisiúint sa dá theanga oifigiúla ar mhaithe le feiceálacht agus stádas na Gaeilge sa saol poiblí.

Comharthaí, stáiseanóireacht & fógairtí taifeadta béil faoi na Rialacháin faoin Acht (I.R. Uimh. 391 de 2008)
Dualgais reatha faoin Acht:

- Cloí leis na Rialacháin maidir le húsáid na Gaeilge agus an Bhéarla ar chomharthaí, ar stáiseanóireacht agus i bhfógairtí taifeadta béil.

3. I do thuairimse, an leor na dualgais seo, an bhfuil siad iomarcach nó an dteastaíonn leasú orthu?
Ach an oiread le cás na ndoiciméad faoi mhír 2 thuas, baineann an-tábhacht le hábhair den chineál sin a eisiúint sa dá theanga oifigiúla ar mhaithe le feiceálacht agus stádas na Gaeilge sa saol poiblí. Cuireann eagraíochtaí stáit iad féin in iúl ar na slite seo, agus déanann siad cumarsáid dhíreach leis an bpobal dá réir sin.

Scéimeanna Teanga faoin Acht
Is iad na scéimeanna teanga croílár an Achta Teanga. Leagtar amach sna scéimeanna teanga an córas trína bhforbraíonn comhlachtaí poiblí a gcuid seirbhísí trí Ghaeilge thar thréimhse ama. Is trí na scéimeanna teanga a dhéileáiltear le húsáid na Gaeilge ar shuíomhanna gréasáin, ar bhileoga, ar bhróisiúir, ar fhoirmeacha, trí sheirbhísí teileafóin, trí sheirbhísí idirphearsanta eile, trí sheirbhísí ar líne srl.

4. (a) I do thuairimse, an bhfuil córas na scéimeanna teanga sásúil, an bhfuil sé iomarcach nó an dteastaíonn leasú air?
Is léir nach bhfuil ag éirí go maith le córas na scéimeanna teanga le tamall. Ba chóir don Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta agus do státchóras trí chéile díriú an athuair ar an gcóras seo a chur i bhfeidhm go héifeachtach.

4. (b) An bhfuil malairt córais a mholfá a bheadh níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla?
Sílim gur córas maith a bheadh i gcóras na scéimeanna teanga ach an toil a bheith ann é a chur i bhfeidhm i gceart agus acmhainní a bheith ar fáil dá réir.

Seirbhísí ó chomhlachtaí poiblí sa Ghaeltacht
Sa chaoi is gur féidir leis an Stát tacú le stádas agus le húsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht, tá sé an-tábhachtach go mbeidh pobal na Gaeltachta ábalta a ngnóthaí oifigiúla a dhéanamh leis an Stát trí Ghaeilge.

5. (a) An bhfuil tú sásta leis na seirbhísí atá á soláthar trí Ghaeilge ag comhlachtaí poiblí sa Ghaeltacht?
Tá seirbhísí ar chaighdeán ard le fáil ó dhornán eagraíochtaí stáit ach tá meascán caighdeán le fáil sna seirbhísí sa Ghaeltacht ón státchóras trí chéile.

5. (b) An bhfuil leasuithe a mholfá a chuirfeadh le héifeachtacht agus le héifeachtúlacht na gcomhlachtaí poiblí sa réimse seo?

Chun an méid teagmhála is féidir leis an statchóras a dhéanamh leis an bpobal trí Ghaeilge a neartú amach anseo, ba chóir, nuair a bheidh earcaíocht ar bun arís amach anseo, é a bheith ina riachtanas i gcás sciar mór de na comhaltaí foirne a d'earcófaí go mbeidís in ann labhairt agus scríobh sa dá theanga oifigiúla, ar chaighdeán ard.

Forálacha eile faoin Acht
Tá forálacha eile san Acht a dhaingníonn cearta maidir le húsáid na Gaeilge san Oireachtas, sna cúirteanna agus i gcóras logainmneacha an Stáit.

6. I do thuairimse, an leor na forálacha seo, an bhfuil siad iomarcach nó an dteastaíonn leasú orthu?
Tá na forálacha sin sásúil go leor, ach gur chóir an dualgas atá ar eagraíochtaí stáit, agus ar eagraíochtaí a fheidhmíonn thar a gceann, na logainmneacha oifigiúla Gaeltachta a úsáid a threisiú i scéimeanna teanga na n-eagraíochtaí uile. B'fhiú freisin foráil a thabhairt isteach faoina mbeadh cead ag aon saoránach an leagan deimhnithe dá ainm agus sloinne a úsáid ina c(h)uid gnóthaí leis an Stát, beag beann ar an ainm agus sloinne ar a t(h)eastas breithe.

Comhlachtaí poiblí faoin Acht
Cuireann an tAcht dualgas ar chomhlachtaí poiblí, atá liostaithe faoin Acht, seirbhísí a sholáthar trí Ghaeilge. Tá liosta iomlán na gcomhlachtaí poiblí faoin Acht ar fáil ag www.ahg.gov.ie.
Tá na comhlachtaí poiblí seo a leanas liostaithe faoin Acht – Ranna agus oifigí Rialtais, údaráis áitiúla, ollscoileanna, institiúidí tríú leibhéal eile, coistí gairmoideachais, an Garda Síochána, an tSeirbhís Chúirteanna, na Coimisinéirí Ioncaim, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, gníomhaireachtaí, boird & cuideachtaí Stáit eile.

7. I do thuairimse, an bhfuil liosta na gcomhlachtaí poiblí faoin Acht cuí nó an dteastaíonn leasú sa réimse seo?
D'fhéadfaí scrúdú a dhéanamh ar na comhlachtaí stáit uile agus na cinn is mó a mbíonn teagmháil acu leis an bpobal (go háirithe pobal na Gaeltachta agus na Gaeilge), nó le heagraíochtaí a fheidhmíonn trí Ghaeilge, a shonrú agus béim faoi leith a bheith ar na seirbhísí sa dá theanga oifigiúla a chuireann na comhlachtaí stáit sin ar fáil. D'fhéadfaí na comhlachtaí stáit uile a aicmiú ar an gcaoi sin agus an méid a bheadh le cur i gcrích acu ina scéim teanga a chur in oiriúint don aicme a mbeidís ann.

Oifig an Choimisinéara Teanga
Is faoin Acht a bunaíodh Oifig an Choimisinéara Teanga. Is é príomhról na hOifige ná monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Achta.

8. I do thuairimse, an bhfuil cumhachtaí agus feidhmeanna na hOifige sin dóthanach nó iomarcach agus an dteastaíonn leasuithe orthu?
Ba chóir, ar an gcéad dul síos, Oifig an Choimisinéara Teanga a choinneáil ina hoifig neamhspleách. Ní dóigh go n-éireoidh leis an Oifig sin tabhairt faoi na dualgais atá uirthi

ar bhealach chomh diongbháilte céanna má dhéantar í a chónascadh le heagraíocht stáit eile, go mór mór eagraíocht stáit a fheidhmíonn trí Bhéarla. Níl amhras orm ach go maolófar éiteas na hOifige má chuirtear cónascadh den chineál atá molta i gcrích. Molaim go láidir go rachfaí siar ar an gcinneadh a fógraíodh le deireanas agus go bhfágfaí ina chomhlacht stáit neamhspleách í. Molaim, anuas air sin, go dtabharfaí cumhachtaí breise d'Oifig an Choimisinéara Teanga pionóis a ghearradh ar eagraíochtaí stáit nach gcomhlíonann a gcuid dualgais teanga. Mholfainn go mbeadh de chumhacht aici pionóis airgid nó a gcomhionann sin a ghearradh orthu. Ní leor an bhagairt atá faoi láthair ann – go gcuirfí tuairisc faoi neamh-chomhlíonadh reachtaíocht teanga faoi bhráid Thithe an Oireachtais – chun iallach a chur ar na heagraíochtaí stáit an reachtaíocht teanga a bhaineann leo a chomhlíonadh.

Go ginearálta

9. An bhfuil leasuithe eile a mholfá ar an Acht le cinntiú gur reachtaíocht í atá oiriúnach agus cuí dá feidhm?
Ba chóir díriú ar thuilleadh ábhair a chur ar fáil a mbainfeadh sciar mór den phobal leas as - ábhar ina mbeadh cumarsáid dhíreach á déanamh leis an bpobal ar mhaithe le heolas a thabhairt dóibh nó comhairle a chur orthu. Áirítear air seo bileoga agus leabhráin eolais, suíomhanna idirlín agus meáin eile trína ndéantar cumarsáid dhíreach leis an bpobal.

10. Céard iad na seirbhísí trí Ghaeilge a bhfuil éileamh agat féin orthu ó chomhlachtaí poiblí nó an gceapann tú gur cheart tosaíocht a thabhairt dóibh?
Seirbhísí sláinte, seirbhísí ag údaráis áitiúla, an Garda Síochána, ranna rialtais. Is léir nuair a bhíonn seirbhís ar chaighdeán ard trí Ghaeilge le fáil ón Stát (e.g. Roinn na Gaeltachta, Údarás na Gaeltachta) go mbíonn tóir ag an bpobal ar na seirbhísí sin. Ach nuair a airítear gur go drogallach a bhíonn pé seirbhísí trí Ghaeile a bhíonn ann á gcur ar fáil, ionpaíonn a lán den phobal ar an mBéarla, mar tuigeann siad gur fearr an tseirbhís a bheidh le fáil acu sa teanga sin.

11. Céard iad na constaicí nó na deacrachtaí a fheictear duit a bhaineann le seirbhísí ar chomhchaighdeán a sholáthar i nGaeilge ag comhlachtaí poiblí?
Níl dóthain comhaltaí foirne fostaithe acu atá in ann gnó a dhéanamh leis an bpobal sa dá theanga oifigiúla. Ba cheart tuilleadh béime a chur ar chumas an dá theanga oifigiúla a labhairt agus a scríobh ar chaighdeán ard nuair a bheas earcaíocht sa tSeirbhís Phoiblí ar bun arís amach anseo. Níl dea-thoil i leith úsáid fheidhmeach na Gaeilge ná tuiscint ar chearta teanga an-fhairsing sa tSeirbhís Phoiblí. Ba chóir feachtas eolais i leith cearta teanga a chur ar bun agus é dírithe ar chomhaltaí foirne na Seirbhíse Poiblí.

12. Céard iad na leasuithe a mholfá ar an Acht le forbairt a dhéanamh ar sheirbhísí Stáit trí Ghaeilge ar bhonn éifeachtach agus éifeachtúil ó thaobh costais de?

Chun go mbeidh ar chumas an státchórais gnó a dhéanamh leis an bpobal trí Ghaeilge go héifeachtach amach anseo, ba chóir, nuair a bheidh earcaíocht ar bun arís amach anseo, é a bheith ina riachtanas i gcás sciar suntasach de na comhaltaí foirne a d'earcófaí go mbeadh ar a gcumas labhairt agus scríobh sa dá theanga oifigiúla, ar chaighdeán ard.